



Comórtas d'Intéirneacht in Institiúidí an Aontais Eorpaigh maoinithe ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Painéal a Bhunú

Tá deiseanna ar fáil do chéimithe socrúcháin oibre a dhéanamh in institiúidí an Aontais Eorpaigh - an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle Eorpach, Coiste na Réigiún agus Oifig na bhFoilseachán. Ceapfar **suas le deichniúr** ina iomláine ar feadh tréimhse 10 mí ag tosú i mí Dheireadh Fómhair 2021.

N.B. Ní bheidh síneadh ama ar fáil do na socrúcháin oibre seo.

Beidh liúntas de €2,000 in aghaidh na míosa ar fáil don intéirneacht seo.

Láthair

Beidh na hintéirnithe seo lonnaithe in oifigí éagsúla na n-institiúidí ar Mhór-Roinn na hEorpa.

Critéir Cháilitheachta

Glacfar le hiarratais ar an bhfoirm iarratais ó chéimithe:

- a bhfuil cáilíocht ag leibhéal a 8 ar a laghad acu (Riachtanach)
- a bhfuil sár-chaighdeán Gaeilge acu (Riachtanach)
- a bhfuil taithí oibre iarcháilíochta shásúil mar aistritheoir nó mar phrofléitheoir acu (Inmhianaithe)
- a bhfuil eolas maith ar chóras ríomh-aistriúcháin acu (Inmhianaithe)
- a bhfuil cáilíocht iarchéime ollscoile i staidéar an aistriúcháin acu (Inmhianaithe)

Cur Síos ar an Obair

Aistritheoir

Tuairisceoidh an intéirneach do bhall sinsearach foirne in Aonad na Gaeilge. Beidh an duine a roghnófar ag cuidiú go príomha le haistriúchán an *acquis communautaire* le linn an tsocrúcháin oibre. Cuirfidh gach institiúid láthair oifige, meantóir, traenáil agus uirlisí aistriúcháin ar fáil do gach intéirneach.

Profléitheoir

Tuairisceoidh an an intéirneach do bhall sinsearach foirne in Aonad na Gaeilge i bParlaimint na hEorpa nó in Oifig na bhFoilseachán agus doiciméid i nGaeilge le profléamh acu. Cuid den obair sin is ea doiciméid a ullmhú ó thaobh stíle agus clóghrafaíochta de, profaí na gclódóirí a phrofléamh, páirt a ghlacadh i ndearadh foilseachán agus tacú le heagrú agus le monatóireacht na bpróiseas táirgthe éagsúil a bhaineann le doiciméid a fhoilsiú. Cuirfidh gach institiúid láthair oifige, meantóir, traenáil agus uirlisí cuí ar fáil do gach intéirneach.



Téarmaí agus coinníollacha

Tá dualgas ar an intéirneach cloí leis na téarmaí, coinníollacha, polasaithe agus treorlínte leagtha síos ag an institiúid ar nós uaireanta oibre, cúrsaí sábháilteachta srl. Beidh ar gach intéirneach páirt a ghlacadh i bpróiseas ionduchtúcháin na hinstitiúide.

Próiseas an Chomórtais

Comhlánú na Foirme Iarratais

Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú ina hiomláine agus ní mór duit a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála ar an bhfoirm iarratais i gceart. Ní mór na hiarratais a chlósscríobh. Ní ghlacfar le hiarratais lámhscríofa.

[Foirm Iarratais](#)

Seol d'iarratas chuig:

Mairin.NiFhlatharta@tcagsm.gov.ie

Leagan Amach an Chomórtais

Cuirfear na hiarrthóirí faoi agallamh agus beidh scrúdú aistriúcháin agus/nó scrúdú profléitheoireachta le déanamh chomh maith. Ag brath ar éileamh, ní mór d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfaí gearrliostú a dhéanamh bunaithe ar an eolas a chuirtear ar fáil i d'fhoirm iarratais.

De bharr COVID-19, is ar líne a bheidh an scrúdú agus na hagallaimh.

Iarratas tarraingthe siar

Ní bheidh iarrthóirí nach ndéanann freastal ar agallamh, nó nach gcuireann dearbhú ar fáil, nuair a iarrtar sin orthu, de réir mar a theastaíonn ón Roinn i dtaca le haon cheist atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, i dteideal a bheith san áireamh i gcomhair a mbreithnithe.

Spriocdháta le haghaidh Iarratas

Is é Dé hAoine 14 Bealtaine 2021 an spriocdháta le hiarratais a bheith faighte. Cloífear go beacht leis an spriocdháta sin.

Eiseofar admhálacha a dhearbhóidh go bhfuarthas na hiarratais laistigh de 3 lá oibre ón spriocdháta.

Freastal Speisialta

Má theastaíonn uait go ndéanfaí freastal speisialta ar bith ort i ndáil le gné ar bith den chomórtas seo, cuir é sin in iúl do Mairin.NiFhlatharta@tcagsm.gov.ie